Scamall Beag

Chuadar ocht mbliana thart ó d'fhág sé slán aga chara agan Phort Thuaidh. D'éirigh go maith la Gallaher issa tsaol.[1]Ba léir sin ón chuma air go rabh cuid den tsaol thar lear feicthe aige. Ba léir é freisin óna chulaith deá-dhéanta agus óna thuin neamheaglach. Ba bheag fear eile a rugadh lana leithéid de bhuannaibh agus ba lú daoine fós nár mhill rath issa tsaol a mianach. Baí a chroí issan áit cheart aige agus baí a rath tuilte aige. Ba mhór an rud é cara mar sin agat.

Ara thionól la Gallaher, ar chuireadh Gallaher agus ar chathair mhór Londain a bhaí aire iomlán *Little Chandler* ó am lóin i leith. Little Chandler an leasainm a bhaí air mar, cé nach rabh sé acht beagnach fo bhun na meán-airde, shílfeá gurbh fhear beag é.[2] Bádar lámha beaga bána aige, ba sheang a chreat, ba chiúin a ghuth agus ba chaoin a bhéas. Thugadh sé aire na huibhe circe dá chuid gruaige finne míne agus dá chroiméal agus chuireadh oiread na fríde cumhráin ara chiarsúr phóca. Bádar a ingne ina leathaibh gealaí foirfe agus nuair a dhéanadh sé aoibh an gháire gheofá spléachadh ar rang fiacla a bhádar chomh bán la fiacla páiste.

Dein sé a mhachnamh arsna haithreachaibh a rinneadar na hocht mbliana sin. An cara a bhaí aige nuair a bhaí sé beo bocht, d'iompaigh ina phearsa mór la rá issan *London Press.* Is minic a éirigh sé asa scríbhneoireacht leadránach dho stánadh amach an fhuinneog. Luisníodar na plásóga agus na cosáin la luí na gréine dheireadh Lúnasa. Fear sé cith cré órga séimh arsna banaltraibh míshlachtmharaibh agus arsna seanfhearaibh crandaibh a bhádar ag míogarnach arsna binsibh – arsna páistibh a ritheadar arsna cosánaibh gairbhéil ag screadadh dhóibh agus ar gach duine a chuaigh trisna gairdíní. Amhairc sé arsan radhairc agus smaoinigh sé arsan tsaol; agus (mar a tharla i gcónaí nuair a smaoiníodh sé arsan tsaol), táinig gruaim air. Glac maoithneachas caoin seilbh air. Ba chath caillte leis streachailt in éadan a chinniúna: seo an t-ualach críonnachta a d'fhág an t-achar seo ama la hucht aige.

Cuimhnigh sé arsna leabhraibh fhilíochta ara sheilfibh issa bhaile. Do cheannaigh sé iad la linn a laethanta baitsiléara agus ba iomaí tráthnóna, agus é ina shuí issa tseomra bheag la taobh an halla, a tháinig cathú air tarraingt anuas den tseilf cinn díobh do léamh rud éigean as dá mhnaoi chéile. Chuireadh a chúthaileacht srian air i gcónaí áfach; agus mar sin d'fhanadar na leabhair arsna seilfeannaibh.

Nuair a bhuail an clog am dheireadh a chuid oibre seas sé suas gur fág a dheasc agus a chomhchléireacha go pointeáilte. Baí cosúlacht an duine umhail néata air ag tuidheacht amach fo áirse fheodach Óstaí an Rí dhó. Siúil sé go tapa síos Sráid Henrietta. Baí an ghrian órga beagnach dulta fúithi agus baí goimh fuachta tagtha issan aer. Baí an tsráid dubh la páistí brocacha. Seasadar nó ritheadar i lár an bhóthair nó snámhadar suas na céimeanna fo dhoirsibh oscailte nó buaileadar fúthu agna tairseachaibh ar nós luch. Níor thug Little Chandler aird dá laghad orthu. Snigh sé a bhealach trisan mbeatha mbeag mbídeach ar fad sin a bhaí ar nós míolra gur chuaigh fo scáth na dtithe móra loma dtaibhsiúla inar chónaigh lucht uasal Átha Cliath tráth dá rabh. An t-am a chuaigh thart, níor ghoill air, mar baí a intinn lán de lúcháir san am i láthair.

Ní rabh sé i dtigh *Corless*[3] riamh acht tuig luach an ainm. Baí a fhios aige go dtéidís daoine ann tar éis na hamharclainne dho itheadh oisrí agus do ól *liqueurs*; agus chuala go rabh Fraincis agus Gearmánais agna freastalaithibh ann. Ag siúl thairis go mear issan oíche dhó, do chonaic coistí ag stopadh os comhair an dorais roimhe sin, agus mná uaisle gléasta go galánta, thagaidís anuas dena cóistibh in éinfheacht la *cavaliers* agus théidís isteach de sciotán. Bhídís gúnaí taibhseacha agus go leor sraitheanna éadaí á gcaitheamh acu. Bhíodh púdar ara n-aghaidh agus rugaidís greim ara

ngúnaí ag tuirlingt anuas den chóiste arsan dtalamh dhóibh ar nós *Atlantas* scáfara.[4] Níor thug sé a aghaidh riamh orthu dho amhairc orthu agus é ag dul tharsan ndoras. Nós leis ab é siúl go mear issa tsráid, go fiú amháin issa ló, agus am ar bith a tharla dhó issa chathair go déanach issan oíche, bhrostaíodh ara bhealach go himníoch corraithe. Scaití, áfach, thugadh sé dúshlán údair a eagla. Roghnaíodh na sráideanna ba dhorcha agus ba chaola, agus é ag siúl chun cinn go dána, go mbuaireadh an ciúnas a bhaí leathnaithe timpeall a choiscéimeanna é, go scanraídís deilbheacha fánacha tostacha daoine eile é agus amannta go gcuireadh gáire íseal a éalaigh issan n-aer é ag crith ar nós duilleoige.

Cas sé ar dheis i dtreo Shráid Chéipil. Ignatius Gallaher ar fhoireann an *London Press*! Cé a cheapadh go bhféadfadh sin tarlú ocht mbliana ó shin. Mar sin féin, anois agus é ag breathnú siar arsan am a chuaigh thart, táinig neart comharthaí chun cuimhne dho Chandler Bheag go mbeadh todhchaí mhór aga chara. Deiridís daoine go rabh Ignatius Gallaher drabhlásach. Ar ndóigh, is fíor gur thaithigh sé dream de scódaithibh agan am, go n-óladh gan srian agus go bhfuair iasacht airgid ó gach thaobh. Isa deireadh, do tharraing sé scéal amhrasach éigean air féin, gnó airgid éigin: pé ar bith é, ba leagan amháin é sin de chúis a theite. Acht níor shéan duine ar bith go rabh tallann aige. Bhíodh rud éigean... fo leith in Ignatius Gallaher a théadh i bhfeidhm ort de d'ainneoin féin. Go fiú amháin nuair a bhíodh sé beo bocht agus géarghá aige la hairgead, níor chaill a mhisneach. Cuimhnigh Chandler Beag (agus táinig luisne bheag bróid ina ghrua lasan gcuimhne) ar chionn de sheanfhocalaibh Gallaher nuair a bhíodh sé i gcruachás:

'Leath ama anois, a bhuachaillí,' a deireadh go haerach. 'Cá bhfuil mo chaipín machnaimh?'

Ba é sin Ignatius Gallaher amach is amach; agus, go deimhin féin, ní fhéadfá acht meas a bheith agat air mar gheall air.

Géaraigh Little Chandler ara chois. Don chéad-uair ina shaol ba níos fearr é féin leis ná na doíne eile ar chuaigh sé tharstu. Don chéad-uair, éirigh a anam amach i gcoinne mhíghrástúlacht ghruama Shráid Chéipil. Ní rabh dabht ar bith faoi, dá mba mhian leat déanamh dul chun chinn issa tsaol, ní mór duit dul ar imirce. Ní fhéadfá déanamh dada in Áth Cliath. Agus é ag trasnú Dhroichead Grattan, amhairc síos an n-abhainn i dtreo na gcéanna n-íochtaracha agus glac trua dona teachaibh bheagaibh chrapthaibh. Samhlaíodh dhó iad mar bhaicle bacach, iad teannta go dlúth la chéile ar bhruachaibh na habhainn, a seanchótaí clúdaithe la deannach agus la súiche, mearbhall orthu ag radharc luí na gréine agus ag fanacht la céad-fhuacht na hoíche, a d'iarrfadh orthu éirí ina seasamh, croitheadh an deannaigh dhíobh féin, agus imeacht leo. Ní fheadair an dtagadh leis scríobh dáin a chuirfeadh a smaoineamh i bhfocail. B'fhéidir go bhféadfadh Gallaher tabhairt fo deara do pháipéir Londain éigean a fhoilsiú. An bhféadfadh sé scríobh ruda éigin nua, leithligh. Ní rabh sé cinnte cén smaoineamh ar mhian leis cur in iúl acht meas gur chuaigh nóiméad fileata i bhfeidhm air, gur gineadh istigh ann féin é mar a bheth dóchas óg nua ann. Siúil chun cinn go misniúil.

Tug gach coiscéim níos giorra do Londain é, níos faide óna shaol stuama neamhealaíonta féin. Tosaigh solas ag preabadh ar léaslíne a mheabhrach. Ní rabh sé sean fós – baí sé dhá bhliain déag is fiche d'aois. D'fhéadfaí rá go rabh a mheon ar tí tuidheachta in inmhe. A liacht sin mothúchán agus imprisean ar mhian leis cur síos orthu i rann! Airigh iad istigh ann féin. Dein sé iarracht thomhas a anama féachaint arbh anam file é. Is é an maoithneachas an tréithe ba láidre dá mheon, a mheas sé, acht ba mhaoithneachas é a rabh uaireanta creidimh, a rabh géilleadh dá chinniúint agus a rabh aoibhneas simplí ina n-orlaí tríd. Dá bhféadadh sé tabhairt gutha dá mheon i leabhar dánta b'fhéidir go n-éistfidís fir leis. Ní bheadh seisean ina chroí agus ina anam cuideachta riamh: ba léir leis sin. Ní rabh sé d'acmhainn aige cur fo gheasa an tslua, acht seans go dtaitneodh sé la baicle beag daoine cosúil leis féin. Na léirmheastóirí Sacsanacha, b'fhéidir go n-aithneoidís siúd é mar dhuine den éigse Cheilteach[5] mar gheall ar chuma mhaoithneach a dánta; thairis sin, chuirfeadh sé claontagairtí isteach ann. Tosaigh sé ag cumadh abairtí agus focal a thiocfaidís ón tsuim a chuirtí issa leabhar. 'Tá

bua na filíochta caoine grásta ag Mr Chandler.’ ... ‘Tá cian cumhach fite fuaite isna dántaibh seo.’ ... ‘An tséis Cheilteach.’ Ba é an feall nach raibh cuma níos Éireannaí ara ainm. B’fhéidir go mbeadh sé níos fearr cur ainm a mháthar ren tsloinne: Thomas Malone Chandler, nó, níos fearr fós: T. Malone Chandler.[6] Labhródh sé la Gallaher faoi.

Lean sé lana bhrionglóid lasan n-oiread sin díocais gur chuaigh thara shráid agus gurbh éigean dó casadh ar ais. Agus é ag tuidheacht i ngar la teach Corless tosaigh a sheanbhuaireamh ag fáil na láimhe in uachtair air gur stad sé agan doras, cráite ag galar na gcás. Fo dheireadh oscail sé an ndoras gur chuaigh isteach. Coinníodar solas agus tormán an teach ósta issa doras é ar feadh nóiméid. Amhairc sé ina thimpeall, acht loinnir an iliomad fíonghloiní dearga agus glasa, cuir mearbhall air. Baí an beár dubh la daoine, dar leat, agus samhlaíodh dhó go rabh sé dá scrúdú go caidéiseach. Tug sé silleadh súl ara dheis is ara chlé (agus é ag cur gruaime ina mhalaibh chun chur cuma dáiríre ara thuidheacht), acht nuair a mhaolaigh an dalladh súl air tug fo deara nár chasadar na doíni thart chun féachana air: agus ceart go leor baí Ignatius Gallaher ansin ina sheasamh i gcoinne an chuntair agus a dhá chos curtha i dtaca i bhfad óna chéile.

> ‘Halló, Tommy, a sheanlaoch, taoi ann! Céard a bheas agat? Céard a ólfair? Fuisce a bheas agamsa: níos fearr ná an stuif trasna na farraige. *Soda? Lithia*?[7] Gan uisce coipthe? Ná agamsa acht oiread. Milleann sé an mblas... Gabh i leith, *garçon*, beir dhá leathghloine fuisce braiche chugainn, togh fir... *Well*, agus cén chaoi ‘bhfuilid rudaí leat ón uair dheireanach dho chonaiceas thú? A Dhia na glóire, is ag dul amach in aois atáimid! An bhfeicir aon rian críonnachta ionamsa – *eh, what?* Ábhairín liath agus scáinte issa bhaithis – *what*?’

Bain Ignatius Gallaher de a hata gur nocht ceann mór dlúthbheartha. Baí a aghaidh trom, mhílítheach agus glanbheartha. A shúile, a rabh dath slinnliath i leith na goirme orthu, maolaíodar a dhroch-lí agus lonraíodar go sonrach os cionn an charbhait oráiste ghlé a bhí á chaitheamh aige. Ba an-fhada, anchumtha agus báiteach iad a liopaí leat idir na ceannaithe contrártha seo. Crom sé a cheann do bhrath na gruaige scáinte arsan bhaithis go cásmhar la dhá mhéar. Croith Little Chandler a cheann mar chomhartha séanta. Leag Ignatius Gallaher a hata ara chionn in athuair.

‘Súnn sé do mhisneach,’ ar sé. ‘Saol na nuachtán. Síorchruóg ort, ag cuardach cóipe agus scaití ní aimsír í: agus ansin, ní mór ábhar nua ido shaothar i gcónaí. Na profaí agus na printéirí damanta, a deirim, ar feadh roinnt laethanta. Is mór an sásamh dhom caitheamh scaithimh ar ais issa bhaile, mise á rá leat. Déanann sé a leas do dhuine, cúpla lá saoire. Airím i bhfad níos fearr ó thángas i dtír ar Áth Cliath brocach mo chroí... Seo dhuit, Tommy. Uisce? Abair é nuair a bheas do dhóthain ann.’

Lig Little Chandler dó cur neart uisce trisa uisce beatha.

‘Ní léir duit do leas, a bhuachaill,’ ar Ignatius Gallaher. ‘Ólaim mo chuidse ara aghaidh.’

‘Déanaim nós de fhíorbheagán,’ ar Little Chandler go humhal. ‘An leathghloine corr nó mar sin nuair a chasaim la duine den tseandream: sin an méad.

‘*Ah, well,’* ar Ignatius Gallaher go sona, ‘ólaimis ár sláinte agus sláinte an tseansaoil agus an tseanaitheantais.’

Clingeadar gloinní agus óladar.

‘Casas la roinnt den tseandream inniu,’ ar Ignatius Gallaher. ‘Tá cuma na droch-chaoi ar *O’Hara*. Céard atá ar siúl aige?’

‘Dada,’ ‘d’imigh an diabhal air.’

‘Acht tá post breá ag *Hogan*, nach bhfuil?’

‘Tá; tá sé fostaithe ag Coimisiún na Talún.’[8]

‘Bhuaileas leis oíche amháin i Londain agus baí an chosúlacht air go rabh raidhse airgid aige... O’Hara bocht. An t-ól, is dóigh?

Lig Ignatius Gallaher gáire.

‘Tommy,’ ar sé, ‘feicim nár tháinig athrú dá laghad ort. Taoi díreach mar a bhaís nuair a thugtá léacht dom gach maidin Dé Domhnaigh, cloigeann tinn orm agus screamh armo theanga. Ba cheart duit siúl coda den domhan. An raibhis riamh ar turas thar lear?’

‘Do bhaíos ar Oileán Mhanainn,[9]’ ar Little Chandler.

Lig Ignatius Gallaher gáire.

‘Oileán Mhanainn!’ ar sé. ‘Téigh go Londan nó go Páras, go Páras más féidir. Dhéanfadh sin maitheas duit.

‘An bhfuil Páras feicthe agat?’

‘D’fhéadfá rá go bhfuil. Do chaitheas tamaill inti.

‘Agus an bhfuil sí chomh hálainn agus a deirtear?’, a fhiafraigh Little Chandler.

Bain sé súimín beag asa fhuisce fad a dhiurnaigh Ignatius Gallaher a ghloine siúd go dána.

‘Go hálainn?’ ar Ignatius Gallaher, ag baint faid assan fhocal agus as blas a dhí. ‘Níl sí chomh hálainn sin, ‘bhfuil fhios agat. Ar ndóigh, tá go hálainn... acht is é a dua a beocht; sin an rud fúithi. Á, níl cathair eile inchurtha la Páras ó thaobh meidhre, gluaiseachta, fuadair...’

Críochnaigh Little Chandler a uisce beatha agus, tar éis fháil bheagán dua leis, éirigh leis tarraingt ard an fhear beáir. Ordaigh an rud céanna arís.

‘Bhíos sa *Moulin Rouge*,’ do lean Ignatius Gallaher nuair do bhailigh an fear beáir a ngloiní, ‘agus bhíos sna caiféannaibh Boihéamachaibh go léir. Áiteanna teasaí! Ní fheilidís do bhuachaill naofa mar aon leatsa, Tommy.’

Fan Little Chandler ina thost gur fill an fear beáir la dhá ghloine: ansin cling gloine a chara go héadrom mar chúiteamh arsan chéad-shláinte dho óladh. Bhí díomá bheag ag tuidheacht air. Níor thaitin tuin na Gallchabhrach ná an dóigh do chur sé a smaointe i bhfocail leis. Bhí rud éigean graosta i mianach a chara nár thug sé faoi deara roimhe sin. Acht b’fhéidir nach raibh isa mhéad sin acht an toradh ara chur faoi i Londain i measc fhuadar agus choimhlint na Nuachtán. Bhí an sean-*charisma* fós ann taobh thiar dena dóigheannaibh spiagachaibh seo aige. Agus, ara shon sin is uile, ba eachtrúil a shaol, chuir sé eolas mór arsan ndomhan. Amhairc Little Chandler go héadmhar ara chara.

‘Tá gach ní isa Pháras aerach,’ ar Ignatius Gallaher. ‘Creidid gur ceart bhaint suilt assan tsaol – agus measair nach bhfuil an ceart acu? Más mian leat baint aoibhnis cirt assan tsaol, téigh go Páras.

Agus, rud eile dhe, tá an-chion acu arsna hÉireannachaibh ann. Nuair do chualadar gur Éireannach mé, titeadar i grá liom, a bhuachaill.’

Bain Little Chandler ceithre nó cúig súimín asa ghloine.

‘Inis dom,’ ar sé, ‘an fíor é go bhfuil an Páras chomh... mímhorálta is do deirtear?’

Corraigh Ignatius Gallaher a lámh i gcomhartha Caitliceach.[1]

‘Tá gach aon áit mímhorálta,’ ar sé. ‘Ar ndóigh, is fíor é go dtagtar ar stumpaí breátha macnasacha isa Pháras. Téigh go ceann de bhálaibh na mac léinn, mar shampla. Bíonn sé sin bríomhar, más mian leat, nuair do scaoilid na *cocottes* faoi. Tá a fhios agat céard iad siúd, is dóigh?’

‘Do chualas trácht orthu’, ar Little Chandler.

Caith Ignatius Gallaher siar deireadh a fhuisce gur croith a cheann.

‘Á,’ ar sé, ‘abair do rogha rud faoi. Níl bean ar bith eile inchurtha la *Parisienne* – ó thaobh galántachta, ó thaobh teaspúlachta.

‘Is cathair mhímhorálta í mar sin,’ ar Little Chandler la seasmhacht fhaiteach – is é sin la rá, i gcomparáid la Londain nó la Áth Cliath?’

‘Londain!’ do deir Ignatius Gallaher. ‘Is é an dá mar a chéile iad. Cuir ceist ar Hogan, a bhuachaill. Taispeánas cuid de Londain dó nuair do bhí sé thall ansin. D'osclódh seisean do shúil... muise, ná déan *punch* den fhuisce sin: ól siar é.’

> ‘Arú, i nDomhnach...’
>
> ‘Á, lag as, ní dhéanfaidh ceann eile aon dochar duit. Céard do bheas agat. An rud céanna, is dóigh?’
>
> ‘*Well* ... tá go maith.’
>
> ‘François, an rud céanna arís... an gcaithfir gal, Tommy?’

Tarraing Ignatius Gallaher cás todóg amach. Lasadar an dá chara a dtodóga gur tarraingíodar orthu gan rá focail fad do bhíodar a ndeochanna ag tuidheacht.

‘Nochtfad mo thuairimse duit,’ ar Ignatius Gallaher, agus é ag taibhsiú de réir a chéile tressna scamaill dheataigh, ‘is ait an mac an saol. Cuir mímhoráltacht ar mhímhoráltacht! Do chualas trácht ar chásannaibh – céard atá á rá agam? - do chonaiceas iad: cásanna ... mímhoráltachta ...’

Bain Ignatius Gallaher cúpla smailceacha asa thodóg go machnamhach agus ansin, i nguth stuama an tseanchaí, gabh ar aghaidh dho leagan amach cúpla srac-léaráidí den choiriúlacht do bhí forleathan tar lear. Achoimrigh duáilcí go leor cathracha agus bronn an gcraobh ar Bheirlín, dar leat. Ní fhéadfadh sé dul in urrús ar roinnt rudaí (mar ba iad a chairde dho d’insíodar iad dó), acht maidir la cuid eile dhíobh, bhí taithí aige féin go pearsanta orthu. Níor chuaigh aicme ná cine saor óna bhreithiúnas. Nocht sé neart scéalta rúnda na dtithe reiligiúin arsan Mhór-Roinn agus nocht cuid

1

comhartha Caitliceach: Is é is dócha do bhfuil i gceist ag Joyce, gur gearr sé fíor na croise.

dena nósannaibh do chleachtaí i measc na huasaicme agus, mar chríoch, eachtraigh scéal fo bhandiúc Shacsanach – scéal arbh fhios dó a fhírinne. Bhí alltacht ar Little Chandler.

'Á, bhuel,' ar Ignatius Gallaher, 'seo sinne in Áth Cliatha sean, malltrialach, áit nach dtarlaíonn a leithéid de rudaibh inti.

'Ní mó ná gur leamh leat í,' ar Little Chandler, 'i ndiaidh na n-áiteanna eile atá feicthe agat!'

'*Well,*' ar Ignatius Gallaher, 'deis dom ligean mo scíth is ea tuidheacht anall anseo, an bhfuil 'fhios agat. Agus, tar éis an tsaoil, is í an tír dhúchais í, mar do deirtear, nach í? Ní thig leat acht dáimh éigean do bheith agat uirthi. Sin an nádúr daonna ... Acht abair liom rud éigean fútsa. Dúirt Hogan liom go bhfuairis aithne ar aoibhneas an phósta ... Dhá bhliain ó shin, an ea?'

Dearg Little Chandler agus rinne aoibh an gháire.

'Sea.' ar sé. 'Tá sé dhá mhí déag ó phósas i mí an Mheithimh seo caite.'

'Tá súil agam nach bhfuil sé ródhéanach la guí áidh móir ort,' ar Ignatius Gallaher. Ní raibh do sheoladh baile ar eolas agam nó, murach sin, dhéanfainn é agan am.'

Sín sé a lámh amach agus glac Little Chandler léi.

'*Well*, Tommy,' ar sé, guím aoibhneas an tsaoil ort, a sheanbhuachaill, agus na táinte airgid, agus nár bhásair riamh go lámhachaim thú. Agus sin guí an charad dhílis, an tseancharad. An bhfuil a fhios agat sin?'

'Tá a fhios agam,' ar Little Chandler.

'An bhfuil gasúir agat?' do dúirt Ignatius Gallaher.

Dearg Little Chandler arís.

'Tá páiste amháin againn,' ar sé.

'Mac nó iníon?'

'Buachaill beag.'

Buail Ignatius Gallaher bos sonda isna slinneáin ara chara.

'Mo cheol thú,' ar sé, 'ní bheadh aon amhras orm ina thaobh uait, Tommy.'

Rinne Little Chandler meangadh gáire, amhairc go mearbhlach ara ghloine, gur cogain a liopa íochtar la trí fhiacail do bhíodar chomh bán la fiacla páiste.

'Tá súil agam go gcaithfir oíche linn,' ar sé, sula dtéir ar ais. Beidh lúcháir armo mhnaoí romhat. Tig linn éisteacht la beagán ceoil agus - '

'Go raibh míle maith agat, a sheanbhuachaill,' ar Ignatius Gallaher, 'tá aiféala orm nár bhuaileamar lana chéile níos luaithe. Acht ní mór dom imeacht anocht.'

'Anocht, b'fhéidir ...?'

'Is mór an t-aiféala atá orm, a mhic. Is é an chaoi dho bhfuil sé, táim anonn anseo in

éinfheacht la duine eile, stócach éirimiúil is é freisin, agus bheartaíomar dul go cluiche beag cártaí. Murach sin ...’

‘Ó, issan chás sin ...’

‘Acht cá bhfios?’, ar Ignatius Gallaher go tuisceanach. ‘An bhliain seo chugainn, b’fhéidir go dtabharfad sciuird anonn anseo anois ó briseadh leac an doichill. Níl ann acht pléisiúr do cuireadh ar atráth.’

‘Tá go maith,’ ar Little Chandler, ‘an chéad-uair eile dho thiocfair, caithfimid caitheamh oíche la chéile. Tá sé ina mhargadh anois, nach bhfuil?’

‘Tá, cinnte,’ ar Ignatius Gallaher. ‘An bhliain seo chugainn, má thagaim, *parole d’honneur.’*

‘Agus mar dhaingniú arsan mhargadh,’ ar Little Chandler, ‘beidh ceann amháin eile againn anois.’

Tóg Ignatius Gallaher uaireadóir mór óir amach dho amhairc air.

‘An é an ceann deireanach do bheas againn?’ ar sé. Mar, tá coinne agam, ‘bhfuil ‘fhios agat.’

‘Ó, cinnte sea,’ ar Little Chandler.

‘Ceart go leor, mar sin,’ ar Ignatius Gallaher, bíodh ceann eile againn mar *d[h]eoc an dorais [sic]* – sin Gaeilic mhaith ar fhuisce bheag, creidim.’[2]

Ordaigh Little Chandler na deochanna. Bhí an luisne dho las ina ghrua scaitheamh roimhe sin, bhí sí ag fáil an ceann is fearr air. Chuireadh an rud is lú an luisne ina ghrua ag nóiméad ar bith: agus anois bhí a fhuil lasta tógtha. D’éirigh na trí fhuisce beag isssan gceann air agus chuir todóg láidir Gallaher as dá intinn, óir ba dhuine íogair é dho staonadh ón ól agus ón tobac de ghnáth. Ba eachtra í bualadh la Gallaher tar éis achair ocht mbliana, beith i gcomhluadar Gallaher i dtigh Corless i measc soilse agus fothraim, éisteacht la scéalta Gallaher agus blaiseadh shaol sheachránach bhuacach Gallaher ar feadh tamaill big, ba eachtra í dho chuir a nádúr íogair as compás. Ba rí-léir dó an chodarsnacht idir a shaolsa agus saol a charad, agus b’éagórach leis é. Bhí sé cinnte dhe go raibh sé d'acmhainn aige deánamh ruda níos fearr issan tsaol ná mar do rinne a chara riamh ná mar do bhféadfadh seisean déanamh riamh, go raibh sé d'acmhainn aigesean déanamh ruda éigin níos uaisle ná an iriseoireacht shuarach, acht fáil an tseans. Céard do bhí issan bhealach air? A scáithínteacht mhallaithe! Ba mhian leis dearbhú a intleachta ar dhóigh éigean, cur in iúl a fhíriúlachta. Tuig sé an bhfíorchúis laistiar d’eiteach a charad dá chuireadh. Ní raibh Gallaher acht ag déanamh giolla dhe lana chairdeas agus ní raibh ina chuairt ar Éirinn acht an uasal ag cuimilt meala dena híslibh. Rug an fear beáir a ndeochanna chucu. Brúigh Little Chandler gloine amháin gona chara agus tóg an gceann eile go dásachtach.

‘Cá bhfios?’ ar sé, agus iad ag ardú a ngloiní. ‘nuair a thiocfair an bhliain seo chugainn, b’fhéidir go mbeidh sé de phléisiúr agam guí saoil fada sona ar Mr agus Mrs Ignatius Gallaher.’

2

Sin Gaeilic mhaith ar: “*That’s good vernacular for a...*” atá issan bhunleagan. Usáidim an litriú ‘Gaelic’ anseo in ionaid ‘Gaedhealg’/’Gaedhilg’ nó ‘Gaeilge’ nó ‘Gaelinn’/‘Gaedhealaing’. An t-aon chúis la seo, gurb é seo an leagan issan chaint bheo is giorra don fhocal Breatnaise ar theanga na ‘Gwyddel’ (nGael): *Gwddeleg*.

Dún Ignatius Gallaher súil amháin os cionn bhéal a ghloine agus é ag ól. Nuair do bhí bolgam ólta aige, bain smeachadh asa liopaibh go diongbháilte, leag síos a ghloine go ndúirt:

> ‘Is beag beag an baol ar sin, a mhic. Bainfead ceol asan tsaol ar dtús agus cuirfead eolas arsan saol agus arsan ndomhain sula dtéim fo chuing an phósta – má théim riamh.’

‘Déanfair é lá éigean,’ ar Little Chandler go ciúin.

Tug Ignatius Gallaher a charbhait agus a shúile slinnghorma thart go lán-díreach ara chara.

‘Measair?’ ar sé.

‘Rachair fo chuing an phósta,’ do dúirt Little Chandler go teann arís, ‘díreach fearacht gach duine eile, má aimsír an gcailín.’

Bhí tar éis luí ara fhocail agus bhí a fhios aige gur sceith ar féin; acht, in ainneoin na luisne dho mhéadaigh ina ghrua, níor sheachain súile a charad. Breathnaigh Ignatius Gallaher air ar feadh scaithimh go ndúirt ansin:

> ‘Má tharlaíonn sé sin riamh, mise i mbannaí ort nach mbeidh maoithneachas ar bith ag baint leis. Is éard atá fúm, pósadh ar son airgid. Beidh cuntas toirtiúil aici issan bhanc nó ní fheilfidh dhomsa.

Croith Chandler Beag a cheann.

‘Go deimhin féin,’ ar Ignatius Gallaher go corraithe, ‘an dtuigir é? Níl i gceist acht rá an fhocail agus beidh an bhean agus an t-airgead agam amárach. Nach gcreidir? Bhuel, tá a fhios agamsa gurb amhlaidh é. Táid na céadta – céard atá á rá agam? - na mílte Gearmánach agus Giúdach saibhir atáid lofa la hairgead, do bheidís lánsásta ... Fan tamaill a mhic. Feicfir mura n-imra mo chluiche go maith. Nuair do thugaim fo rud, luím faoi, deirim leat é. Fan go bhfeice.’

Caith sé a ghloine lana bhéal, diurnaigh a dheoch go ndearna gáire gáifeach. Ansin amhairc go machnamhach roimhe agus dúirt i nglóir do bhí níos séimhe.

> ‘Acht níl deifir orm. Féadfaid fanacht. Níl fonn orm cloí la bean amháin, ‘bhfuil ‘fhios agat.’
>
> Rinne ré aithris lana bhéal ar dhuine do bheth ag blaiseadh ruda éigin gur cuir strainc air féin.
>
> ‘Ní mó ná go n-éiríonn sé searbh, déarfainn,’ ar sé.

Suí Little Chandler issan tseomra i leataobh ón halla, an páiste ina bhaclainn. D’fhonn spáráil airgid, níl raibh cailín aimsire ar fostú acu, acht thagadh deirfiúr óg Annie, Monica, ar feadh tuairime is uair an chloig ar maidin agus tuairime is uair an chloig issan oíche dho chabhrú leo. Bhí Monica imithe abhaile i bhfad ó shin áfach. Bhí sé ceathrú chun a naoi. Bhí Little Chandler mall ag tuidheacht abhaile la haghaidh an tae, agus, lana chos sin, níor chuimhnigh ar thabhairt abhaile beartán caifé as *Bewley’s*. Ar ndóigh, bhí cantal uirthi agus thug sí freagraí giorraisce dhó. Dúirt sí go ndéanfadh sí in uireasa tae, acht nuair do dhruid an t-am lasan n-uair do dhruidfeadh an siopa ag

coirnéal na sráide, thogair sí dul amach í féin fo chomhair phunt tae agus dhá phunt siúcra. Do leag sí an bpáiste ina bhaclainn go deaslámhach go ndúirt:

‘Seo dhuit. Ná dúisigh é.’

Tá lampa beag la scáthlán poircealláin báin ina sheasamh arsan bhord agus lonraíonn a sholas ar ghrianghraf fo fhráma de dhéantús adhairce leacaithe. Grianghraf Annie is é. Féachann Little Chandler air agus lonraíd a shúile forna na liopaí tanaí teanna. Tá blús bánghorm á chaitheamh aici dho thug seisean abhaile dhi mar bhronntanas Satharn amháin. Do chosain sé deich scilling agus aon phingin déag air; acht a leithéid de imní dho chosain sé air! A leithéid de chiapadh dho d’fhulaing sé an lá sin, ag fanacht re doras an tsiopa go mbeth an siopa folamh, ag seasamh agan chuntar agus ag iarraidh ligin air féin go raibh ar a shuaimhneas fad is do leag an cailín carn blús ban osa chomhair, ag íoc agan deasc agus ag dearmad phiocadh suas na pingine de bhriseadh airgid, issan dóigh gur ghlaoigh an mion-airgeadóir air tuidheacht ar ais, agus, issan deireadh, ag iarraidh cheilt an lasta ina ghrua agus é ag fágáil an tsiopa as scrúdú an bheartáin féachaint an raibh sé ceangailte go docht daingean. Nuair do rug sé an mblús abhaile póg Annie é go ndúirt go raibh sé an-ghleoite agus an-ghalánta; acht nuair do chuala sí an gcostas air caith an mblús aran mbord go ndúirt gurbh dhearg-chalaois é éileamh deich agus aon phingin déag air. Ar dtús, ba mhian léi a thabhairt ar ais acht nuair do chuir sí uimpi é cuir sé gliondar uirthi, go háirithe déantús na muinchillí, agus póg sí é go ndúirt gurbh an-deas uaidh é smaoineamh uirthi.

Há!

Scrúdaíonn sé na súile issan ghrianghraf go fuarálach agus amharcaid siúd amach go fuarálach ar ais air. Cinnte, táid gleoite agus tá an aghaidh féin ghleoite. Is suarach leis rud éigin fon aghaidh áfach. Cad ina thaobh go bhfuil sí chomh fuarchúiseach agus chomh banúil sin? Cuireann maorgacht na súl olc air. Cuirid gráin air agus tugaid a dhúshlán: níl paisean ná sceitimíní iontu. Smaoiníonn sé ar a ndúirt Gallaher leis i dtaobh ban Giúdach. Na súile dorcha Oirthearacha sin orthu, do smaoiníos sé, nach iad atáid lán de phaisean, de dhúil mhacnasach!... Cad chuige ar phós sé na súile issan ghrianghraf?

Glacann an cheist seilbh air go dtugann sé silleadh súl go faiteach timpeall an tseomra. Measann go bhfuil rud éigean suarach fon troscán ghleoite dho thóg sé ar cíoscheannach don tigh. Ba í Annie féin do roghnaigh é agus cuireann sé i í gcuimhne dhó. Tá sé ró-phointeáilte agus ró-dheismíneach. Fásann faltanas dá shaol féin ina chroí istigh. Nach bhféadann sé éalú ón tigh bheag seo? An bhfuil sé ró-dhéanach aige tabhairt fo chaitheamh a shaol go cróga faoi mar do chaitheas Gallaher a shaolsa? An dtig leis dul go Londain? Ní mór dó íoc asan troscán i gcónaí. Dá scríobhadh sé leabhar agus dá bhfoilsítí é, b’fhéidir go réiteodh sé sin an mbealach dhó.

Tá cnuasach dán la Byron aran tábla roimhe. Osclaíonn sé é go cáiréiseach lana lámh dheas ar eagla go ndúisí sé an leanbh, go dtosaíonn ag léamh chéad-dán an leabhair:

> Ciúin iad na gaoithe agus marbh é contráth na hoíche,
> Ní chorraíonn oiread agus *Zéphyros* issan gharrán,[3]
> agus mé ag filleadh dho amhairc ar uaigh Margaret mo chroí
> agus do scaipeadh bláthanna aran gcré dho bhfuil grá mo chroí dhi.

Stadann sé. Braitheann go bhfuil rithim an rainn timpeall air issan tseomra. Nach é atá dubhach! An

---

3

Zéphyros: *Ceann de cheithre phríomhdhia na gaoithe i miotas na Gréige. Is é an leoithne tais aniar seo an ghaoth is séimhe den cheathrar (cé gur ghaoth fhoréigneach é issan Íliad). ‘Steifir’ an focal caighdéanach Gaeilice air.*

bhféadfadh seisean scríobh mar sin freisin, cur maoithneachais a anama i rann filíochta. Tá an oiread sin rudaí is mian leis cur síos orthu: a mhothúchán ar Dhroichead Grattan cúpla uair roimhe sin, mar shampla. Dá dtagadh leis tuidheacht aran mothúchán sin in athuair...

Dúisíonn an leanbh do chaoineadh. Iompaíonn seisean an leathanach go ndéanann iarracht a chealgtha: acht níl maith ann. Tosaíonn sé a luascadh ina bhaclainn acht méadaíonn ara ghol. Méadaíonn seisean aran luascadh agus léid a shúile an dara rann:

> Istigh issan chill seo atá a cré,
> An chré sin do bhíodh...

Tá sé fánach aige. Ní féidir leis léamh. Ní fhéadann sé rud ar bith. Téann caoineadh cráite an linbh go tiompán a chluaise. Is cath caillte é, caillte! Tá sé ina chime ar feadh a shaoil. Crithid a lámha la teann feirge go gcromann sé os cionn dreach an linbh do bhéiceadh:

> ‘Stop!’

Stopann an páiste ar feadh nóiméid, glacann scaoll é go dtosaíonn ag scréachadh. Léimeann seisean aníos óna chathaoir do shiúl suas agus anuas an seomra lasan bpáiste ina bhaclainn aige. Tosaíonn sé ag snagaireacht go truacánta, ag cailleadh a anála ar feadh cheithre nó chúig soicind, go bpléascann amach ag gol arís. Baineann an torann macalla asna ballaibh tanaíbh. Triaileann seisean cur suaimhnis ann acht is amhlaidh go ngéaraíd a arraingeacha caointe. Amharcann sé ar aghaidh chraptha chreathach an linbh go scanraíonn. Ríomhann sé seacht ngol gan stad eatarthu go bhfáisceann an leanbh lana ucht go heaglach. Dá bhfaigheadh sé bás!...

Osclaíonn an doras de phlimp go ritheann bean óg isteach agus saothar anála uirthi.

> ‘Céard do tharla? Céard do tharla?’ do screadas sí.

Buaileann taom goil an leanbh ar chloisteáil ghuth a mháthar dó.

> ‘Ní dada é, Annie... dada... tosaigh sé ag gol... ’

Caitheann sí a beartáin aran dtalamh do sciobadh an pháiste uaidh.

> ‘Céard do rinnis air?’ do scread sí agus í cur na súl tríd go feargach.

Breathnaíonn Little Chandler díreach issan aghaidh uirthise ar feadh scaithimh big go mbuaileann an fuath ina súilibh siúd é.

> ‘Ní dada é... tosaigh... sé ag gol... níor fhéadas... ní dhearnas dada... Céard?’

Ní thugann sí aird dá laghad air, acht tosaíonn ag siúl anonn is anall issan tseomra agus greim docht aici aran pháiste ina bhaclainn, ag rá ós íseal di:

> ‘A fhir bhig, a stóir! A fhirín mo chroí. An raibh eagla ort, a thaisce?... Seo anois, a thaisce! Ná bíodh imní ort!... *Lambabaun*![4] A uain bhig an tsaoil, a chuid!... seo anois!’

Airíonn Little Chandler lasadh náire ina ghrua go gcúlaíonn sé ó sholas an lampa. Éisteann la racht ghol an pháiste agus é ag maolú de réir a chéile; go gcruinníd deora aiféala ina shúilibh.

4

Lambabaun is cosúil gur ‘uan bán’ atá i gceist aici – is meascán de Ghaeilic agus d’Anglais atá issan fhocal mhuirneach mar sin.

1 ***Gallaher:*** Anglú de shloinne Gaeilice. Ó Gallachóir is leagan Gaeilice na linne . Litríodh mar Ó Gallchobahir é roimhe seo. Is é is dócha gur asna foclaibh 'gall' agus 'cabhair' a eascraíos sé. Is é sin la rá, amhas nó saighdiúir tuarastail (surnamedb.com).
Maidir lasan gcéadainm *Ignatius*, eascraíonn sé ón tsloinne Rómánach Egnatius, atá de bhunnú Éatruscach agus nach fios a bhrí. Athraíodh litriú an ainm la cur chrot an fhocal laidine *ignis* air – focal a chiallaíos tine. Ignatius ab ainm do mhairtíreach cháiliúil issan Antíoch (*behindthename.com*).

2 ***Chandler:*** Sloinne Anglaise. Scríobhadh mar '*Chandelier*' san am atá thart. Is focal de bhunú Fhrancach é a chiallaíos déantóir coinnle *(surnamedb.com)*.

3 ***Corless:*** *Deir formhór na bhfoinsí idirlíne gur leagan de shean-leasainm* Anglaise 'Corliss' é. Eascraíonn sé asna focalaibh '*care*' agus '*less*', agus ciallaigh sé duine gan cíos, cás ná cathú. Ní dócha go bhfuil baint agan ainm lasan logainm Corr Lios.

4 ***Atalantas:*** Is spéirbhean óg í *Atalanté* issa mhiotas Ghréigeach. Tá sí lúfar, cróga agus deaslámhach ar chaitheamh bonsaí. Ní léir meafar Joyce don aistritheoir seo. B'fhéidir go rabh sé de cháil ar Atalanté gur annamh a theagmhaidís a cosa le talamh ag rith dhí. Déantar tagairt don mhiotas Ghréigeach issa scéal *The Dead* freisin.

5 **éigse Cheilteach:** Is cosúil go bhfuil Joyce ag déanamh fonóide ar *genre* litríochta de chuid an '*Celtic Revival*' agan am a bhaí, dar leis, seanchaite. Mar shampla arsan tseánra seo: foilsíodh cnuasach dánta darb ainm *The Celtic Twilight* la William Butler Yeats i 1893 a airítear mar chuid de thús Athbheochan Litríocht na hÉireann. Déanann an leabhar dánta seo cumha i ndiaidh sheanshaol shimplí idéalaithe an Éireannaigh Cheiltigh i gceantair iarghúlta iarthar na hÉireann.

6 ***Malone:*** Ó Maoileoin i. maol + Eoin i. deisceabal Eoin / manach a leanas sampla Eoin (i. John) (www.surnamedb.com/Surname/Malone). An tagairt cheillte do leantóir de chuid *John Bull* i. Sacsana é seo?

7 ***Lithia:*** fíoruisce la salann *lithium* atá ann. Baí an-tóir air idir deireadh an 19ú céad agus an Céad-Chogadh Domhanda

8 **Coimisiún na Talún:** (*The Land Commision)* Eagraíocht Stáit a bunaíodh chun chur i bhfeidhm Acht na Talún 1881. Tug an acht seo cearta áirithe d'fheirmeoiribh bheagaibh na tíre a thógadar talamh ar cíos ó thiarnaibh mhóraibh talún. Is beag feabhas a tháinig ar shlí bheatha chosmhuintir na hÉireann mar gheall arsan acht seo áfach, agus d'fhéadfá rá gur cuir sé lana mbochtanas go fiú.

9 **ar Oileán Mhanainn:** Roghnaíos an réamhfhocal *'ar'* in ionad *'in'* mar ní as Oileán Mhanainn do Little Chandler. I gcás an úrscéil 'An t-Oileánach la Tomás Ó Criomhthain áfach, deirtear *'i'* i gcónaí lasan n-oileán ina bhfuil sé ina chónaí, agas 'ar' la fochais ar bith a dtéid daoinne uirthi ó am go chéile dho bhaint faochan nó feamainne. Samplaí eile: Ceantar na nOileán agus an Cheathrú Rua ("aran gCeathrú Rua", "sna hOileáin").